



Tuarascáil Bhliantúil 2016



Clár Ábhar

Brollach.....	2
Gluais.....	4
Athchóiriú an Chórais Achomharc Cánach.....	7
Bonn Reachtúil an Choimisiúin um Achomhairc Chánach.....	9
Feidhmeanna an Choimisiúin um Achomhairc Chánach.....	10
Anailís ar na hAchomhairc a Fuarthas de réir Cineál Cánach...	11
Achomhairc Nua.....	13
Achomhairc roimh an mbliain 2016.....	14
Achomhairc a Tugadh chun Críche sa bhliain 2016.....	15
Achomhairc Nua a Réitíodh sa bhliain 2016.....	17
Achomhairc a bhí Liostaithe lena nÉisteacht sa bhliain 2016..	18
Cinntí.....	19
Achomhairc in aghaidh Cinntí.....	20
Achomhairc Oidhreachta.....	21
Rialachas agus Rialáil.....	22
Cistiú agus Caiteachas.....	25

Brollach

De réir alt 21 den Acht Airgeadais (Achomhairc Chánach), 2015, tá áthas orainn an chéad tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún um Achomhairc Chánach a chur i láthair.

Bunaíodh an Coimisiún um Achomhairc Chánach an 21 Márta 2016 de réir fhorálacha an Achta Airgeadais (Achomhairc Chánach), 2015.

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é an Coimisiún, a bhfuil sé de chúram air próiseas achomharc atá éifeachtúil nua-aimseartha a chur ar fáil maidir le díospóidí cánach a éisteacht agus breith a thabhairt orthu. Ghlac an Coimisiún um Achomhairc Chánach áit Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc. Rinneadh leis an reachtaíocht iomchuí roinnt athruithe tábhachtacha ar an bpróiseas achomharc cánach; mar shampla, tugadh beart suntasach trédhearcachta isteach leis an reachtaíocht, rud lena dtugtar deis do cháiníocóirí éisteacht phoiblí a fháil agus lena gceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil maidir lenár gcinntí a fhoilsiú ar ár suíomh Gréasáin, www.taxappeals.ie. Ní fhoilsítear sonraí pearsanta in éineacht leis na cinntí i gcás gur roghnaigh cáiníocóir an éisteacht a fháil go príobháideach (*in camera*).

Ceann de na chéad chúraimí a chuireamar i gcrích ba ea rialacha agus nósanna imeachta a cheapadh lena rialaítear an dóigh a ndéantar próiseáil ar achomhairc, idir chur isteach tosaigh na n-achomharc agus an breithniú deiridh orthu. Tháinig na rialacha agus na nósanna imeachta sin i bhfeidhm ar an dáta a bunaíodh an Coimisiún agus tá siad ar fáil ar ár suíomh Gréasáin. Creidimid go dtugann an méid sin treoir agus léargas do cháiníocóirí, do chleachtóirí agus do na Coimisinéirí Ioncaim maidir le cineál an phróisis achomharc agus maidir leis an dóigh a seoltar é. Tá sé beartaithe againn bualadh níos déanaí i mbliana le hionadaithe do cháiníocóirí agus do na Coimisinéirí Ioncaim ionas gur féidir leo a gcuid tuairimí ar na rialacha agus ar na nósanna imeachta nua a chur in iúl dúinn tar éis na chéad bhliana dá n-oibriú.

Mar chuid den athchóiriú agus den nuachóiriú atá á ndéanamh ar an bpróiseas achomharc cánach, táimid ag obair chun ríomhchóras bainistíochta cásanna a chur chun feidhme faoi láthair. Críochnaíodh an chéad chéim den obair sin de réir sceidil agus creidimid go mbeidh an tionscadal ar fad críochnaithe faoi lár na bliana 2017.

Ceann de na príomhthairbhí a ghabhann leis an gcóras nua is ea an tsaoráid ar féidir le cáiníocóirí í a úsáid chun achomharc a chur isteach ar líne trínár suíomh Gréasáin. Tá an tsaoráid sin i bhfeidhm ó mhí na Nollag 2016. Rinneamar athbhreithniú iomlán ar ár suíomh Gréasáin freisin, rud a fhágann gur tairseach aonair atá éasca le húsáid é anois chun achomhairc a chur isteach agus chun ár rialacha, ár nósanna imeachta agus ár gcinntí a rochtain.

Cloíonn an Coimisiún um Achomhairc Chánach le prionsabail an dea-rialachais, mar atá leagtha amach sa Chaighdeán Rialachais Chorpáraidigh don Státseirbhís a foilsíodh i mí na Samhna 2015. Le linn na bliana 2016, chríochnaíomar obair ullmhúcháin ar ár gcreat rialachais ionas go bhféadfaí é a chur i bhfeidhm agus a chur ar fáil don phobal ar ár suíomh Gréasáin go luath sa bhliain 2017. Tá sé beartaithe againn go ndéanfar an creat sin a fhorbairt agus a leathnú le himeacht ama.

Méadaíodh buiséad agus acmhainní an Choimisiúin chun na dualgais bhreise atá orainn a léiriú. Mhéadaíomar ár soláthar foirne freisin, agus faigheann an bheirt Choimisinéirí Achomhairc cúnamh ó Phríomhoifigeach Cúnta, ó Ardoifigeach Feidhmiúcháin, ó bheirt Oifigeach Feidhmiúcháin agus ó Oifigeach Cléireachais anois. Tá próiseas earcaíochta ar siúl faoi láthair chun Coimisinéirí Achomhairc sealadacha a cheapadh chun cabhrú le líon suntasach achomharc oidhreachta. Chomh maith leis sin, tá sé beartaithe againn duine amháin nó beirt de thaighdeoirí dlí a áirithiú chun cabhrú leis an gCoimisiún a chuid oibre a chur i gcrích.

Agus é seo á scríobh, tá an Coimisiún i mbun oibre le beagán níos mó ná bliain amháin anuas. Creidimid gur bhain sé cuid mhór amach sa bhliain sin, agus táimid ag tnúth le cur lena bhfuil bainte amach aige cheana féin agus le Coimisiún um Achomhairc Chánach a éireoidh níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí i gcónaí le linn ár dtéarmaí oifige a riar.



MARK O' MAHONY
Coimisinéir Achomhairc



LORNA GALLAGHER
Coimisinéir Achomhairc

Gluais

Achomhairc a cuireadh ar atráth sula n-éistfí iad

Achomhairc ar leithdháileadh dáta éisteachta orthu agus a cuireadh ar atráth ina dhiaidh sin ar iarraidh ó na páirtithe sula dtosófaí an éisteacht.

Coimisinéirí Achomhairc

Duine ar cheap an tAire Airgeadais é/í de bhun alt 850 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, nó, tar éis an 21 Márta 2016, comhalta den Choimisiún um Achomhairc Chánach ar cheap an tAire Airgeadais é/í de bhun alt 8 den Acht Airgeadais (Achomhairc Chánach), 2015.

Achomhairc a tugadh chun críche

Achomhairc a tugadh chun críche agus nach gá tuilleadh gnímh a dhéanamh ina leith.

Achomhairc a cuireadh de láimh

Achomhairc nach gá don Choimisiún um Achomhairc Chánach tuilleadh gnímh a dhéanamh ina leith.

Achomhairc atá liostaithe lena n-éisteacht

Achomhairc ar leithdháileadh dáta lena n-éisteacht os comhair na gCoimisinéirí Achomhairc orthu.

Achomhairc nár glacadh leo

Iarratais ar achomhairc nár ghlac an Coimisiún um Achomhairc Chánach leo.

Achomhairc atá idir lámha	Achomhairc bheo/ghníomhacha a bhféadfadh gur ghá tuilleadh gnímh a dhéanamh ina leith.
Achomhairc a fuarthas	Iarratais ar achomharc a fuarthas.
Achomhairc a réitíodh	Achomhairc a réitíodh idir na páirtithe tar éis dóibh teacht ar chomhaontú.
Achomhairc a réitíodh sula n-éistfí iad	Achomhairc a réitíodh idir na páirtithe tar éis an t-achomharc a liostú lena éisteacht agus sula dtosófaí an éisteacht.
Éisteacht a tosaíodh agus a cuireadh ar atráth	Cásanna inar tosaíodh éisteacht an achomhairc agus inar cuireadh an éisteacht ar atráth ina dhiaidh sin ar cheann amháin nó níos mó de na cúiseanna seo a leanas: chun an t-achomharc a chinneadh; chun an t-achomharc a éisteacht tuilleadh; chun faisnéis bhreise a fháil; chun doiciméid bhreise a fháil; chun tuilleadh aighneachtaí a fháil; nó chun freastal finnétithe a éascú.
Achomhairc oidhreachta	Achomhairc a cuireadh chuig na Coimisinéirí Ioncaim roimh thosach feidhme an Choimisiúin um Achomhairc Chánach. Aistríodh na hachomhairc oidhreachta sin chuig an gCoimisiún um Achomhairc Chánach le linn an dara leath den bhliain 2016.

Achomhairc roimh an mbliain 2016	Achomhairc a bhí idir lámha in Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc roimh thosach feidhme an Choimisiúin um Achomhairc Chánach. Aistríodh na hachomhairc sin go huathoibríoch chuig an gCoimisiún um Achomhairc Chánach.
Achomhairc nua	Achomhairc a fuair Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc idir an 1 Eanáir agus an 20 Márta 2016 nó iad sin a fuair an Coimisiún um Achomhairc Chánach idir an 21 Márta agus an 31 Nollaig 2016.
Fógra Achomhairc	Luaitear in alt 949 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna leasú, nach mór gach iarratas ar achomhairc chuig an gCoimisiún um Achomhairc Chánach a chur isteach trí Fhógra Achomhairc a chomhlánú.
Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc	Ba í Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc an comhlacht a raibh sé de dhualgas air breith a thabhairt ar achomhairc chánach roimh bhunú an Choimisiúin um Achomhairc Chánach. Ba leis an Acht Airgeadais (Achomhairc Chánach), 2015, a bunaíodh an Coimisiún um Achomhairc Chánach agus na nósanna imeachta faoina rialaítear an Coimisiún. Tháinig obair Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc chun deiridh an 21 Márta 2016.

Athchóiriú an Chórais Achomharc Cánach

Ag teacht sna sala ar an ngealltanas a thug an tAire Airgeadais i mBuiséad 2014 chun ról, feidhmeanna agus struchtúr Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc a athchóiriú, cuireadh an Coimisiún um Achomhairc Chánach ar bun an 21 Márta 2016. Ghlac an Coimisiún um Achomhairc Chánach áit Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc.

Bhí gnéithe éagsúla de na socruithe a bhaineann le hoibriú an chórais achomharc cánach á mbreithniú ag comhlachtaí éagsúla le 15 bliana anuas. Áirítear leo sin an Coiste Oireachtais um Chuntais Phoiblí; an Fiosrúchán ar Cháin Choinneála ar Ús Taisce (DIRT); an Grúpa um Chumhachtaí na gCoimisinéirí Ioncaim; Tuarascáil an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí ar Ionchúisitheoir Fioscach agus Cúirt Ioncaim; agus an Coimisiún um Chánachas. Ina theannta sin, fuarthas moltaí ó chomhlachtaí ionadaíocha chun athruithe a dhéanamh ar an gcóras achomharc. Rinneadh moltaí ina leith sin i roinnt tuarascálacha ag an am céanna freisin.

Thug an tAire athchóirithe ar an bpróiseas achomharc cánach isteach chun meicníocht achomhairc chostéifeachtach níos fearr a áirithiú do chásanna cánach, ar meicníocht lena soláthraítear trédhearcacht agus cinnteacht mhéadaithe do cháiníocóirí í, agus chun a chinntiú go gcomhlíonfadh an fóram achomharc na ceanglais neamhspleáchais agus neamhchlaontachta atá in Airteagal 6 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine. Cé nach bhfuiltear ag tabhairt le fios go raibh aon chlaontacht iarbhír ann sa chóras roimhe sin, tá sé tábhachtach go bhfuil na Coimisinéirí Achomhairc neamhspleách go hiomlán ina gcuid oibre. Níor cheart aon chlaontacht iarbhír ná aon chlaontacht bhraite a bheith ann maidir le hoibriú an chórais achomharc ach oiread.

Bhí na nithe seo a leanas i measc na bpríomh-athchóirithe a tugadh isteach –

- Neamhspleáchas an Choimisiúin um Achomhairc Chánach a chur ar bhonn reachtúil
- Béim nua a chur ar chásanna a bhainistiú ar bhealach gníomhach solúbtha
- An lánrogha chun cinntí a dhéanamh bunaithe ar aighneachtaí scríofa i gcás ábhar simplí, faoi réir chomhaontú a fháil ó na páirtithe sna himeachtaí
- Éisteachtaí poiblí a thionól mar ghnás réamhshocraithe, cé go bhféadfaidh achomharcóir a iarraidh go ndéanfaí an éisteacht ar fad nó cuid di go príobháideach
- Cinntí a fhoilsiú

- An cumas chun achomhairc a dhíbhe i gcás, mar shampla, nach gcloíonn cáiníocóir le treoracha arna dtabhairt ag Coimisinéirí Achomhairc maidir le seoladh na n-imeachtaí
- Téarma oifige seasta in-athnuaite 7 mbliana a thabhairt do Choimisinéirí Achomhairc
- Ceanglas a chur ar an gCoimisiún um Achomhairc Chánach tuarascálacha bliantúla a chur isteach
- Is cinntitheach agus dochloíte atá na breitheanna ó na Coimisinéirí Achomhairc anois. An cumas chun achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí amháin, agus ní maidir le fíricí an cháis
- Nósanna imeachta feabhsaithe um bainistíocht cásanna, lena n-áirítear an chumhacht chun breith a thabhairt ar raon leathan iarratas idirbhreitheach, ar mhaithe le sreabhadh achomharc níos éifeachtúla agus níos struchtúrtha a éascú

Bonn Reachtúil an Choimisiúin um Achomhairc Chánach

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é an Coimisiún um Achomhairc Chánach, a bhfuil sé de chúram air próiseas achomharc atá éifeachtúil nua-aimseartha a chur ar fáil maidir le díospóidí cánach a éisteacht agus breith a thabhairt orthu de réir fhorálacha na reachtaíochta iomchuí.

Is iad na píosaí reachtaíochta lena mbaineann ná an tAcht Airgeadais (Achomhairc Chánach), 2015, an tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna leasú, agus an reachtaíocht ghaolmhar.

Shínigh an tUachtarán an tAcht Airgeadais (Achomhairc Chánach), 2015, isteach sa dlí an 25 Nollaig 2015. Shínigh an tAire Airgeadais na horduithe iomchuí tosach feidhme chun éifeacht a thabhairt do na forálacha reachtacha nua an 26 Feabhra 2016. Cuireadh an Coimisiún um Achomhairc Chánach ar bun agus tháinig an córas nua um achomhairc chánach a phróiseáil i bhfeidhm an 21 Márta 2016.

Foráiltear go sonrach le halt 10 den Acht Airgeadais (Achomhairc Chánach), 2015, go mbeidh an Coimisiún agus a chomhaltaí neamhspleách le linn dóibh a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh. Ina theannta sin, tugtar leis na forálacha éagsúla d'Acht 2015 de chumhacht do na Coimisinéirí cásanna a bhainistiú ar bhealach níos gníomhaíche anois ná roimhe sin, rud a neartaíonn oibriú neamhspleách an phróisis achomharc ag an am céanna.

San am i láthair, cuimsíonn an Coimisiún beirt Choimisinéirí Achomhairc ar cheap an tAire Airgeadais iad agus roinnt ball foirne riaracháin a thugann tacaíocht do na Coimisinéirí chun a gcuid oibre a chur i gcrích.

Feidhmeanna an Choimisiúin um Achomhairc Chánach


Is é príomhról an Choimisiúin um Achomhairc Chánach achomhairc in aghaidh breitheanna agus cinntí ó na Coimisinéirí Ioncaim maidir le cánacha agus le dleachtanna a éisteacht agus breith a thabhairt orthu. Tá feidhmeanna sonracha na gCoimisinéirí Achomhairc leagtha amach in alt 6 den Acht Airgeadais (Achomhairc Chánach), 2015.

Agus a gcuid feidhmeanna á gcomhlíonadh acu, tá oibleagáid ar na Coimisinéirí Achomhairc a chinntiú go bhfuil na himeachtaí os a gcomhair cothrom agus inrochtana agus go seoltar iad ar an mbealach is tapa is féidir.

Tá roinnt forálacha ann in Acht 2015 a bhfuil sé mar aidhm leo neamhchlaontacht agus neamhspleáchas na gCoimisinéirí a chosaint le linn dóibh a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh. Ina measc sin, tá alt 3, lena mbunaítear an Coimisiún mar chomhlacht corpraithe; alt 6, lena mbunaítear feidhmeanna na gCoimisinéirí Achomhairc; agus alt 10, lena gceanglaítear ar an gCoimisiún bheith neamhspleách le linn dó a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh.

Anailís ar na hAchomhairc a Fuarthas de réir Cineál Cánach

Ó bunaíodh é an 21 Márta 2016, tá 808 n-achomharc nua faighte ag an gCoimisiún um Achomhairc Chánach. Tá miondealú ar na hachomhairc sin leagtha amach thíos de réir cineál cánach.



Ceannteidil Chánach	
Díolúine d'Ealaíontóirí	8
Cáin Fáltas Caipitiúil	17
Cáin Ghnóthachan Caipitiúil	42
Eile	13
Cáin Chorparáide	44
Achomhairc a bhain le níos mó ná cineál cánach amháin	19
Cáin Ioncaim	361
Custaim agus Mál	16
Níor Soláthraíodh Faisnéis faoin gCineál Cánach	77
Cáin Conarthaí Iomchuí	43
Cáin Bhreisluacha	68
Cáin Chláraithe Feithiclí	100

Achoimre ar na Ceannteidil Chánach Chomhcheangailte

Cáin Ioncaim	361
P21 (Ráiteas Comhardaithe)	18
Creidmheas Cánach do Leanbh faoi Éagumas	3
Cáin Ioncaim	253
ÍMAT	31
ÍMAT/Cáin Ioncaim	10
ÁSPC	2
Creidmheas Cánach Cúramóra Linbh do Dhuine Singil	4
Muirear Sóisialta Uilíoch	9
ÍMAT/ÁSPC	29
ÍMAT/ÁSPC ón bhFostóir	2


Cánacha atá liostaithe faoin gcatagóir 'Eile'	13
Dleacht Frithdhumpála	1
Deimhniú Imréitigh Cánach	1
Cáin Choinneála ar Ús Taisce (DIRT)	1
Sainchónaí	2
Dreasacht Fostaíochta agus Infheistíochta	1
Cáin Mhaoine Áitiúil	3
Dleacht Stampa	2
Aisíocaíochtaí Tionscanta d'Fhiontraithe	2

Achomhairc a bhain le níos mó ná cineál cánach amháin	19
Cáin Ioncaim agus Cáin Ghnóthachan Caipitiúil	1
Cáin Ioncaim agus Cáin Bhreislucha	13
Cáin Chorpáraide agus Cáin Bhreislucha	1
Cáin Bhreislucha agus Cáin Chláraithe Feithiclí	1
Cáin Ioncaim agus Cáin Fáltas Caipitiúil	3

Custaim agus Mál	16
Dleacht Mháil	11
Dleacht Chustaim	2
Ola Mhianrach	3

Achomhairc Nua

Fuarthas 899 n-achomharc nua san iomlán le linn na bliana 2016, agus iad á bhfáil ag Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc ar dtús agus ag an gCoimisiún um Achomhairc Chánach ina dhiaidh sin. Cuireadh 209 gcinn de na hachomhairc sin de láimh faoi dheireadh na bliana. Tá miondealú míosúil ar fháil agus ar chur de láimh na n-achomharc nua sin leagtha amach thíos.



Sreabhadh na nAchomharc Nua le linn na bliana 2016													
	Ean	Feabh	Márta	Aibr	Bealt	Meith	Iúil	Lún	MF	DF	Samh	Noll	Iomlán
Achomhairc a Fuarthas:	30	40	40	83	74	90	113	71	81	78	94	105	899
Achomhairc a Cuireadh de Láimh:	5	8	3	9	14	15	24	14	14	22	40	41	209
An líon achomharc a fuarthas sa bhliain 2016 a bhí idir lámha amhail an 31/12/16													690

Achomhairc roimh an mbliain 2016

I dteannta na n-achomharc nua a fuarthas le linn na bliana 2016, bhí 425 cinn d'achomhairc a fuarthas roimh an mbliain 2016 idir lámha in Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc i dtús na bliana. Ní ar fáil faoi láthair atá miondealú míosúil ar chur de láimh na n-achomharc sin le linn na bliana 2016 (ag Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc suas go dtí an 20 Márta 2016 agus ag an gCoimisiún um Achomhairc Chánach ina dhiaidh sin). Cuirfear an miondealú sin ar áireamh i dtuarascálacha bliantúla amach anseo, áfach. Tá achoimre ar chur de láimh na n-achomharc sin leagtha amach thíos.


An líon achomharc roimh an mbliain 2016 a bhí idir lámha amhail an 01/01/16	425
An líon achomharc roimh an mbliain 2016 a cuireadh de láimh le linn na bliana 2016	239
An líon achomharc roimh an mbliain 2016 a bhí idir lámha amhail an 31/12/16	186

Achomhairc a Tugadh chun Críche sa bhliain 2016

Thug an Coimisiún um Achomhairc Chánach 448 n-achomharc chun críche sa bhliain 2016. De na 448 n-achomharc a tugadh chun críche, bhí 209 gcinn ina n-achomhairc nua (*i.e.* achomhairc a fuarthas sa bhliain 2016) agus bhí 239 gcinn ina n-achomhairc a fuarthas roimh an mbliain 2016.

Tá anailís ar na 209 n-achomharc nua a tugadh chun críche sa bhliain 2016 leagtha amach thíos.

Réitíodh an t-achomharc	89
Chuir an Coimisiún an t-achomharc de láimh	79
Alt 949AA(2) - cliseadh freastal ar an éisteacht	4
Níor glacadh leis an achomharc	14
Tarraingíodh an t-achomharc siar	23
Iomlán	209




Ó bhunú an Choimisiúin, is é 77 lá an mheántréimhse ama a tógadh chun achomhairc nua a chur de láimh. Thosaigh an tréimhse sin ar fháil an Fhógra Achomhairc agus chríochnaigh sí ar dhúnadh an chomhaid.

Achomhairc Nua a Réitíodh sa bhliain 2016

Léirítear in anailís ar na 89 n-achomharc nua a réitíodh sa bhliain 2016 gur réitíodh formhór mór díobh níos lú ná 3 mhí ó fháil an Fhógra Achomhairc. Tá miondealú ar an tréimhse ama a tógadh chun na hachomhairc sin a réiteach leagtha amach thíos.

An tréimhse ama a tógadh chun achomhairc nua a réiteach sa bhliain 2016



Achomhairc a réitíodh laistigh de:		
1 mhí	20	22%
1-2 mhí	25	28%
2-3 mhí	19	21%
> 3 mhí	25	29%
Iomlán	89	


Achomhairc a bhí Liostaithe lena nÉisteacht sa bhliain 2016

Le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2016 go dtí an 31 Nollaig 2016, bhí 153 achomharc liostaithe lena n-éisteacht os comhair na gCoimisinéirí Achomhairc. Mhair na héisteachtaí sin ó níos lú ná uair amháin go 10 lá. Tugadh formhór mór na n-éisteachtaí chun críche laistigh de lá amháin.

Tá miondealú ar thoradh na n-achomharc sin leagtha amach thíos.

Réitíodh an t-achomharc	21
Cuireadh an t-achomharc ar atráth sula n-éistfí é	33
Tosaíodh an éisteacht agus cuireadh ar atráth ina dhiaidh sin í	95
Alt 949AA(2) - cliseadh freastal ar an éisteacht	4
Liostaíodh an t-achomharc lena éisteacht	153

Achomhairc a bhí Liostaithe idir an 01/01/16 go dtí an 31/12/16



- Réitíodh an t-achomharc
- Cuireadh an t-achomharc ar atráth sula n-éistfí é
- Tosaíodh an éisteacht agus cuireadh ar atráth ina dhiaidh sin í
- Alt 949AA(2) - cliseadh freastal ar an éisteacht

Cinntí

I gCuid 40A, Caibidil 5, den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna leasú, foráiltear nach mór don Choimisiún um Achomhairc Chánach fógra a thabhairt faoi chinntí agus iad a fhoilsiú. Ceanglaítear ar na Coimisinéirí Achomhairc le halt 949A0 tuarascáil ar gach ceann dá gcinntí a fhoilsiú ar an Idirlíon tráth nach déanaí ná 90 lá tar éis fógra a thabhairt do na páirtithe faoin gcinneadh. Tá sonraí faoi na cinntí a rinneadh sa bhliain 2016 agus faoina bhfoilsiú leagtha amach thíos.

An líon cinntí a rinneadh sa bhliain 2016	
an 1 Eanáir - an 20 Márta	14
an 21 Márta - an 31 Nollaig	27
Iomlán	41

An líon cinntí a foilsíodh sa bhliain 2016	
an 1 Eanáir - an 20 Márta	2
an 21 Márta - an 31 Nollaig	27
Iomlán	29

Cé go bhfuil 26 chinneadh fhoilsithe ar fáil ar ár suíomh Gréasáin, ba le cinneadh amháin a cuireadh trí achomharc ar leith de láimh agus ba le cinneadh amháin eile a cuireadh dhá achomharc ar leith de láimh.

Tabhair faoi deara go mbaineann roinnt de na cinntí foilsithe le hachomhairc a fuarthas roimh an mbliain 2016, *i.e.* achomhairc a fuarthas roimh thosú an Choimisiúin um Achomhairc Chánach an 21 Márta 2016 agus a bhaineann le blianta cánach roimh an mbliain 2016.

Achomhairc in aghaidh Cinntí

De réir alt 949AP den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna leasú, féadfaidh páirtí atá míshásta le cinneadh ón gCoimisiún um Achomhairc Chánach agus a mheasann go bhfuil sé earráideach ar phonc dlí achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt trí bhíthin cás sonraithe.

Sa bhliain 2016, ní dhearnadh aon achomhairc trí bhíthin cás sonraithe maidir le cinntí.

Tar éis bhunú an Choimisiúin, aistríodh chuig an gCoimisiún um Achomhairc Chánach 67 chás inar chuir na páirtithe in iúl roimhe sin go raibh sé mar rún acu iarratas ar chás sonraithe a chur isteach chuig an Ard-Chúirt maidir le cinneadh a rinneadh faoi sheanchóras Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc.

Sa bhliain 2016, d'eisigh an Coimisiún um Achomhairc Chánach comhfhreagras, de réir alt 29(4) den Acht Airgeadais (Achomhairc Chánach), 2015, chuig na páirtithe uile maidir leis na 67 chás. D'iarr an Coimisiún deimhniú ó na páirtithe maidir le cé acu atá nó nach bhfuil sé mar rún acu leanúint le cás sonraithe os comhair na hArd-Chúirte a iarraidh agus cé acu ba mhaith nó nár mhaith leo go n-éistfeadh an Coimisiún a gcás an athuair. Tá sé mar rún ag an gCoimisiún dul chun cinn a dhéanamh ar na 67 chás sa bhliain 2017.

Achomhairc Oidhreachta

Sa dara leath den bhliain 2016, d'aistrigh na Coimisinéirí Ioncaim chuig an gCoimisiún um Achomhairc Chánach líon ard achomharc oidhreachta (*i.e.* achomhairc oscailte a rinneadh chuig na Coimisinéirí Ioncaim roimh an 21 Márta 2016 agus nár tugadh fógra fúthu do na Coimisinéirí Achomhairc).

Is mar seo a leanas atá an miondealú ar an líon achomharc den sórt sin a fuarthas:-

Lúnasa 2016	Fuarthas 381 achomharc
Deireadh Fómhair 2016	Fuarthas 965 achomharc
Nollaig 2016	Fuarthas 1,385 achomharc

Tá an Coimisiún um Achomhairc Chánach den tuairim nach mbeidh sé riachtanach an-chuid de na hachomhairc sin a éisteacht ná a chinneadh mar gheall ar an toradh a bhí ar imeachtaí dlí sna hUaschúrteanna le déanaí. Tá an Coimisiún den tuairim freisin go mbeidh tionchar suntasach ar roinnt mhaith achomhairc eile ag an toradh ar imeachtaí dlí leithleacha nár tugadh chun críche go fóill.

Rinneadh obair ullmhúcháin sa bhliain 2016 chun cabhrú le hachomhairc oidhreachta a thabhairt ar aghaidh chun éisteachta agus cinnidh. Thug an tAire Airgeadais cead le haghaidh acmhainní suntasacha breise pearsanra a chur ar fáil chun déileáil leis na hachomhairc oidhreachta. Rinneadh réamhobair ar Choimisinéirí Achomhairc sealadacha a earcú d'fhonn Coimisinéirí Sealadacha a cheapadh sa bhliain 2017. A luaithe atá siad ceaptha, díreoidh na Coimisinéirí Achomhairc sealadacha go leithleach agus go heisiach ar dhéileáil leis na hachomhairc oidhreachta.

Rialachas agus Rialáil

Bunaíodh an Coimisiún um Achomhairc Chánach an 21 Márta 2016. Tá sainordú reachtúil an Choimisiúin le fáil san Acht Airgeadais (Achomhairc Chánach), 2015 agus sna hAchtanna Cánacha.

Sa bhliain 2016, chuir an Coimisiún um Achomhairc Chánach réamhobair ar ár gcreat rialachais i gcrích ionas go bhféadfaí é a chur i bhfeidhm agus a chur ar fáil don phobal ar ár suíomh Gréasáin go luath sa bhliain 2017.

Reachtaíocht

Is é an reachtaíocht iomchuí ná an tAcht Airgeadais (Achomhairc Chánach), 2015 agus Cuid 40A den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna leasú.

Nósanna Imeachta

Foráiltear le hAcht 2015 go bhféadfaidh na Coimisinéirí rialacha nós imeachta a ghlacadh maidir le ceann ar bith dá gcuid feidhmeanna. Rinne na Coimisinéirí Achomhairc rialacha agus nósanna imeachta a ullmhú agus a ghlacadh. Tá siad ar fáil ar ár suíomh Gréasáin ag www.taxappeals.ie. Féach freisin Cuid 40A den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna leasú, na hAchtanna Cánacha agus an reachtaíocht iomchuí.

An tOifigeach Cuntasaíochta

Is é an Coimisinéir O'Mahony an tOifigeach Cuntasaíochta don Choimisiún um Achomhairc Chánach faoi láthair. Beidh gach duine de na Coimisinéirí ag comhlíonadh ról an Oifigh Chuntasaíochta ar a seal thar a dtéarma oifige reatha.

Luachanna, Iompraíochtaí agus Cultúr

Is le Cód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse a threoraítear an Coimisiún um Achomhairc Chánach ina bhainistíocht agus ina oibríochtaí. Is féidir cóip den Chód a rochtain ag an seoladh seo a leanas:- <http://www.sipo.gov.ie/en/Codes-of-Conduct/Civil-Servants/>. Is inár gcreat rialachais a phléifear le príomhcheanglais na nAchtanna um Eitic, a mhéid a bhaineann siad leis an gCoimisiún um Achomhairc Chánach.

Tuairisceáin Bhliantúla na Ráiteas Leasanna

Ní mór do dhuine atá i seilbh poist a leagtar síos mar phost ainmnithe faoi na hAchtanna um Eitic ráiteas leasanna a chomhlánú agus a chur isteach gach bliain faoin 31 Eanáir. I gcás an Choimisiúin um Achomhairc Chánach, cuirtear an ráiteas leasanna chuig Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin 31 Eanáir gach bliain.

Socruithe Cuntasacha agus Dearbhaithe

Faoin Acht Airgeadais (Achomhairc Chánach), 2015, tá na Coimisinéirí Achomhairc i seilbh oifige ar feadh tréimhse seacht mbliana. Tá na Coimisinéirí Achomhairc cuntasach don Aire Airgeadais agus, tríd an Aire, don Oireachtas maidir le comhlíonadh a gcuid feidhmeanna.

Chuige sin, ní mór dóibh tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid an Aire an 31 Márta nó roimh an dáta sin gach bliain i dtaca leis an mbliain roimhe. Cuirtear an tuarascáil seo isteach i gcomhlíonadh an dualgais sin. Anuas air sin, féadfaidh an tAire ordú a thabhairt do na Coimisinéirí tuarascáil ar aon ábhar ar leith a bhaineann le gníomhaíochtaí na gCoimisinéirí a ullmhú agus a chur faoina bhráid nó faoina bráid. Níor thug an tAire aon ordú den sórt sin sa bhliain 2016.

Feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí

Ag féachaint don mhéadú suntasach ar bhuiséad bliantúil agus fás na heagraíochta, tá pleananna i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun seirbhísí Iniúchóireachta Inmheánaí a eagrú agus Coiste Iniúchóireachta ag a bhfuil Cathaoirleach seachtrach a chur ar bun chun maoirseacht a dhéanamh ar leordhóthanacht agus éifeachtacht na gcóras Iniúchóireachta Inmheánaí, na timpeallachta rialaithe agus na nósanna imeachta rialaithe de chuid an Choimisiúin, chun maoirseacht a dhéanamh ar obair na feidhme Iniúchóireachta Inmheánaí agus chun comhairle agus treoir ghairmiúil a chur ar fáil maidir le hoiriúnacht agus stóinseacht an chórais bhainistíochta riosca agus an chórais rialaithe inmheánaigh san eagraíocht.

Conclúid ar Rialachas agus Rialáil

Táthar ag súil leis go n-athrófar creat rialachais an Choimisiúin le himeacht ama, i gcomhréir le riachtanais agus leasanna an Choimisiúin de réir mar a thagann siad chun cinn. Anuas air sin, leanfaidh an Coimisiún le comhlíonadh gach ceanglais rialála iomchuí a shaothrú.

Cistiú agus Caiteachas

Cistítear an Coimisiún um Achomhairc Chánach trí Vóta 10 de na Meastacháin arna bhformheas ag Dáil Éireann. Tá méadú suntasach tagtha ar na leithdháiltí ar an gCoimisiún agus ar Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc, a réamhtheachtaí, le blianta beaga anuas. B'amhlaidh sin go háirithe chun freastal ar chaiteachas méadaithe ar an bhfoireann agus ar chórais TF a d'eascair as athchóiriú an chórais achomharc cánach. Ba iad €1.440 milliún agus €1.605 milliún na méideanna a leithdháileadh ar an gCoimisiún sa bhliain 2016 agus sa bhliain 2017 faoi seach. Is ionann é sin agus méadú suntasach ar an gcistiú a leithdháileadh ar Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc sa bhliain 2014 agus sa bhliain 2015 (€447,000 agus €775,000 faoi seach).

Tá anailís ar chaiteachas riaracháin an Choimisiúin sa bhliain 2016 leagtha amach sa tábla thíos.

	2016 Soláthar Meastacháin	2016 Toradh	2015 Toradh
	€,000	€,000	€,000
Tuarastail, pá agus liúntais	820	661	473
Taisteal agus cothú	50	4	22
Traenáil agus forbairt agus costais theagmhasacha	35	19	16
Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	25	8	7
Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF	500	181	18
Costais áitribh oifige	70	17	7
Caiteachas Iomlán	1,500	890	543

De réir fhorálacha Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tá Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin freagrach as an gCuntas Leithreasa do Vóta 10 a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoin 31 Márta gach bliain. Rinneadh é sin i leith na bliana 2016 agus foilseoidh an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste cuntais iniúchta an Choimisiúin níos moille i mbliana mar chuid dá thuarascáil bhliantúil 2016 ar chuntais na seirbhísí poiblí.

